# TOMHAISEANNA

## le Seán Ó Cadhain, Gleann Lusc

Fear beag ina sheasamh leis a gchlaidhe, itheann sé gach a bhfághann sé acht ní ólann sé tada? - Uisge

Céard tá i dhul i gcoramhlucht le leath na gealaighe? - An leath eile.

Micheálín sa gcomhra agus céad cóta mór air.- gasgabáiste.

Chuaidh mé amach agus thug mé isteach an rud nár theastaigh uaim. - Dealg

Thuit sé leis an aill agus níor bhrisfeadh easna ann - Seighlimide

Céard cuid is aoisde den bhó? - A géim

Tá sé ar bhois is tá sé ar bhair fuinnóigín ghloinne agus doraisín cré air – Do shúil


Sean duine dubh is a theach ar a ghualainn aige. – Seilimide

Tháinic sé isteach ar dhruim daoine is chuaidh sé amach cho mín le síoda – Deatach

Céard é an droichead is lúgh sa domhan – Droichead dhe shrónach.

Céard atá ag a gcat nach bhfuil ag rud ar bith eile – Pisín

Ní fuil is ní feóil is ní cnámh é acht ar fuil agus feoil a d'fhás sé – Cleite



Bhreathnuigh mé amach thríd a' bhfuinneóig is chonnaic mé an marbh ag iompar na mbeo. – Bád

Mharbhuigh sé a athair, chuir sé a mháthair agus phós sé a dhearbhráthair – Sagart

D'éirigh mé ar maidin lá ceo, chuala mé géim ní géim coiligh í agus ní géim bhó – leac oidhre ag sgaoilteadh.

Mo shean dada bocht is a maide sán ucht is é ag silt gach uile lá fluich. –An sán doras.

Bhí an dochtúir is a bhean ann, bhí Sagart is a dhearbhráthar ann, ní rabh ann acht ceithre bhuilín is bhí builín fágtha. – Ba í deirbhrúir an tsagairt bean a dochtúra.

Tá sé thoir is thiar is i ngárdíní Bhaile Átha Cliath. Is mó an slam a bhainfeadh sí ná díossadh capall agus ní bhlaiseann sí de bhiadh ná de deoch. – Speall

Phós fear nár rugadh ariamh. Phós sé bean nár rugadh fós. - Adhamh

Céard is thuige ná an féar –An drúchta.